# RIALACHÁN (AE) Uimh. 641/2010 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

## an 7 Iúil 2010

## lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle lena leagtar síos bearta sonracha don talmhaíocht sna réigiúin is forimeallaí den Aontas

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 42, Airteagal 43(2) agus Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [1],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach [2],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 4(3) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 ón gComhairle [3], ceadaíodh, ar feadh tréimhse ceithre bliana, go seolfaí siúcra ó na hAsóir chuig an gcuid eile den Aontas i gcainníochtaí is mó ná na trádsreabha traidisiúnta. Á aithint go bhféadfadh éagsúlú talmhaíochta sna hAsóir a bheith buntáisteach agus, dá dhroim sin, d'fhonn an t-éagsúlú sin a éascú, go háirithe i dtaca le deireadh a chur leis an gcóras cuóta bainne de réir a chéile, is gá bearta iomchuí a dhéanamh chun tacú le hathstruchtúrú earnáil an tsiúcra sa réigiún sin. Chuige sin, ionas go bhféadfaidh an tionscal próiseála siúcra áitIúil a bheith inmharthanach, is iomchuí athsheoladh an tsiúcra i gcainníochtaí is mó ná na trádsreabha traidisiúnta a cheadú ar feadh thréimhse theoranta cúig bliana agus faoi réir cainníochtaí bliantúla a bheidh á laghdú go forchéimneach.

(2) Le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 déantar foráil maidir le díolúine, laistigh de theorainn an réamh-mheastacháin ar an gcomhardú soláthair, ó dhleachtanna ar allmhairí a bhaineann le siúcra C a sholáthar do na hAsóir, do Mhaidéara agus do na hOileáin Chanáracha don tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 10(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1260/2001 ón gComhairle an 19 Meitheamh 2001 maidir le comheagrú na margaí in earnáil an tsiúcra [4]. I bhfianaise an athchóirithe agus an ionchorpraithe a rinneadh ar earnáil an tsiúcra le Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha do tháirgí áirithe talmhaíochta (an Rialachán Aonair maidir le CEM (Comheagrú Margaí)) [5], ba cheart forálacha Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 a oiriúnú. Ba cheart, go háirithe, a údarú do na hAsóir tairbhiú ón díolúine ó dhleachtanna ar allmhairí le haghaidh siúcra cána amh laistigh de theorainn an réamh-mheastacháin ar an gcomhardú soláthair atá acu.

(3) Le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, déantar foráil maidir le hidirthréimhse ina bhféadfaidh na hOileáin Chanáracha leanúint de sholáthairtí ullmhóidí bainnebhunaithe a thagann faoi réim chóid CN 1901 90 99 agus 2106 90 92 agus atá beartaithe don phróiseáil thionsclaíoch a fháil i gcainníochtaí réamhshocraithe. Chuaigh an idirthréimhse sin in éag an 31 Nollaig 2009. Mar sin féin, tá an táirge a thagann faoi réim chód CN 1901 90 99 – púdar bainne bhearrtha a bhfuil saill phlandúil ann – ina tháirge traidisiúnta anois do na tomhaltóirí áitiúla, lena n-áirítear na daoine is boichte. De bharr sholáthar an táirge sin, tá tionscal áitIúil sonrach ann anois a áirithíonn fostaíocht agus breisluach. Is iomchuí, dá bhrí sin, go leanfaí den táirge sonrach sin, a úsáidtear i gcomhair tomhaltais áitIúil amháin, a sholáthar.

(4) I bpointe (f) d'Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, déantar tagairt d'fhorálacha maidir le seiceálacha agus pionóis i gcláir thacaíochta an Chomhphobail do na réigiúin is forimeallaí, ar forálacha iad a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin chun a bhformheasta. I bhfianaise na taithí atá faighte ag an gCoimisiún agus d'fhonn a áirithiú go gcuirfear cláir thacaíochta den sórt sin chun feidhme go héifeachtach agus go hiomchuí, tá sé riachtanach go ndéanfar na tagairtí do sheiceálacha agus do phionóis atá i bpointe (f) d'Airteagal 12 den Rialachán sin a bhaint. Mar sin féin, leanfar de bhearta náisiúnta den sórt sin a chur in iúl don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 27 den Rialachán sin.

(5) Le hAirteagal 18 de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, déantar rialacha a chinneadh maidir le hinfheidhmeacht rialacha speisialta d'earnáil an fhíona sna réigiúin is forimeallaí den Aontas. Rinneadh comheagrú mhargadh an fhíona a leasú le Rialachán (CE) Uimh. 479/2008 ón gComhairle an 29 Aibreán 2008 maidir le comheagrú mhargadh an fhíona [6], agus rinneadh í a ionchorprú ina dhiaidh sin i Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007. Dá bhrí sin, is gá tagairtí do na bearta sin a thabhairt cothrom le dáta. Ina theannta sin, le hAirteagal 85u(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, déantar díolúine fhollasach ó scéim an ghrafa a thabhairt do na hAsóir, do Mhaidéara agus do na hOileáin Chanáracha. Dá bhrí sin, ní gá an díolúine sin a lua a thuilleadh i Rialachán (CE) Uimh. 247/2006.

---

[1] Tuairim an 17 Márta 2010 (nár foilsíodh fós san Iris OifigIúil).
[2] Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 18 Bealtaine 2010 (nár foilsíodh fós san Iris OifigIúil) agus cinneadh ón gComhairle an 29 Meitheamh 2010.
[3] IO L 42, 14.2.2006, lch. 1.
[4] IO L 178, 30.6.2001, lch. 1.
[5] IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.
[6] IO L 148, 6.6.2008, lch. 1.

(6) Leis an dara fomhír d'Airteagal 18(2) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, déantar foráil maidir le deireadh a chur, de réir a chéile, faoin 31 Nollaig 2013, leis na fíonghoirt sna hAsóir agus i Maidéara atá plandaithe le cineálacha hibrideacha finiúna dírtháirgeacha atá toirmiscthe. Leis an tríú fomhír d'Airteagal 18(2) den Rialachán sin, leagtar oibleagáid ar an bPortaingéil fógra a thabhairt gach bliain maidir leis an dul chun cinn atá á dhéanamh chun limistéir a bhfuil na cineálacha finiúna sin plandaithe iontu a thiontú agus a athstruchtúrú. Tá na forálacha sin níos déine ná na rialacha a leagtar síos in Airteagal 120a(5) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, eadhon, go ndéanfar grafadh ar na cineálacha hibrideacha finiúna dírtháirgeacha atá toirmiscthe, ach amháin nuair atá an fíon a fhaightear uathu sin beartaithe go heisiach do theaghlaigh na dtáirgeoirí fíona iad féin. Dá bhrí sin, ba cheart dáta an 31 Nollaig 2013 atá in Airteagal 18(2) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 a scriosadh d'fhonn deireadh a chur leis an neamhionannas córa idir réigiúin na nAsór agus Maidéara ar thaobh amháin agus an chuid eile den Aontas ar an taobh eile.

(7) D'ainneoin na forbartha atá déanta le déanaí ar an táirgeadh bainne áitIúil i roinn Fhrancach thar lear, La Réunion, níl freastal leordhóthanach á dhéanamh ar an riachtanas atá ann faoi láthair le haghaidh bainne le hól lena thomhailt ar an oileán. Thairis sin, mar gheall ar iargúltacht agus oileánachas an réigiúin sin, ní féidir foinsí eile bainne amh a aimsiú. Dá dheasca sin, ba cheart an t-údarú chun bainne athdhéanta UTC a tháirgeadh ó phúdar bainne de thionscnamh an Aontais, ar údarú é a dheonaítear do Mhaidéara leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 19(4) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, a leathnú chuig La Réunion.

(8) Maidir leis na dálaí chun tuilleadh leathnaithe a dhéanamh ar tháirgeadh áitIúil bainne sna réigiúin fhorimeallacha, ar réigiúin iad a thairbhíonn ón tarscaoileadh dá bhforáiltear leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 19(4) de Rialachán (CE) Uimh. 247/2006, tá siad an-teoranta de bharr thopagrafaíocht na n-oileán. Cé go gcoimeádtar an oibleagáid atá ann go n-áiritheofar go ndéanfar an táirgeadh bainne áitIúil a bhailiú agus margadh a fháil dó, is iomchuí go scriosfaí oibleagáid an Choimisiúin chun ráta ionchorpraithe a chinneadh le haghaidh bainne úir a tháirgtear go háitIúil, ar oibleagáid í dá bhforáiltear sa dara fomhír den Airteagal sin.

(9) Ba cheart go ndéanfadh cur i bhfeidhm cúlghabhálach fhorálacha an Rialacháin seo, amhail ón 1 Eanáir 2010, leanúnachas sna bearta sonracha don talmhaíocht a áirithiú sna réigiúin is forimeallaí den Aontas agus ba cheart go bhfónfadh sé freisin d'ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí lena mbaineann.

(10) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 247/2006 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4(3):

'3. De mhaolú ar mhír 2(a), féadfar, ar feadh thréimhse cúig bliana, na cainníochtaí uasta seo a leanas de shiúcra (cód CN 1701) a sheoladh gach bliain ó na hAsóir chuig an gcuid eile den Aontas:

— sa bhliain 2011: 3 000 tona,

— sa bhliain 2012: 2 500 tona,

— sa bhliain 2013: 2 000 tona,

— sa bhliain 2014: 1 500 tona,

— sa bhliain 2015: 1 000 tona.';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

'*Airteagal 5*

**Siúcra**

1. Le linn na tréimhse a leagtar síos in Airteagal 204(2) agus (3) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2007 lena mbunaítear comheagrú margaí talmhaíochta agus maidir le forálacha sonracha do tháirgí áirithe talmhaíochta (Rialachán Aonair CEM) (*), beidh an siúcra seo a leanas a tháirgtear de bhreis ar an gcuóta dá dtagraítear in Airteagal 61 den Rialachán sin díolmhaithe ó dhleachtanna ar allmhairí faoi réir theorainn an réamh-mheastacháin ar an gcomhardú soláthair dá dtagraítear in Airteagal 2 den Rialachán seo:

(a) siúcra a thugtar chun a thomhailte chuig Maidéara nó chuig na hOileáin Chanáracha i bhfoirm siúcra bháin a thagann faoi réim chód CN 1701;

(b) siúcra arna scagadh agus arna thomhailt sna hAsóir i bhfoirm siúcra amh a thagann faoi réim chód CN 1701 12 10 (siúcra biatais amh).

2. Sna hAsóir, chun críche an scagtha, féadfar na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 1 a fhorlíonadh, faoi réir theorainn an réamh-mheastacháin ar an gcomhardú soláthair, le siúcra amh a thagann faoi réim chód CN 1701 11 10 (siúcra cána amh). Agus riachtanais siúcra amh na nAsór á gcinneadh, cuirfear forbairt tháirgeadh áitIúil an bhiatais siúcra san áireamh. Déanfar na cainníochtaí a chumhdaítear leis na socruithe soláthair a chinneadh ionas go n-áiritheofar nach mbeidh méid iomlán an tsiúcra a scagfar sna hAsóir gach bliain níos mó ná 10 000 tona.

(*) IO L 299, 16.11.2007, lch. 1.';

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

'*Airteagal 6*

**Ullmhóidí bainnebhunaithe**

De mhaolú ar Airteagal 2, féadfaidh na hOileáin Chanáracha leanúint de sholáthar ullmhóidí bainnebhunaithe a fháil a thagann faoi réim chód CN 1901 90 99 (púdar bainne bhearrtha a bhfuil saill phlandúil ann) agus atá beartaithe le haghaidh na próiseála tionsclaíche suas go dtí 800 tona in aghaidh na bliana. Ní fhéadfaidh an tAontas cabhair ar mó ná EUR 210 in aghaidh an tona í a thabhairt do sholáthairtí den táirge seo agus áireofar an chabhair sin sa teorainn a leagtar síos in Airteagal 23. Is chun a thomhailte go háitIúil amháin a úsáidfear an táirge seo.';

(4) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 12, pointe (f):

'(f) na bearta a dhéanfar lena áirithiú go gcuirfear na cláir chun feidhme go héifeachtach agus go hiomchuí, lena n-áirítear na socruithe le haghaidh poiblíochta, faireacháin agus meastóireachta, agus sraith shonraithe táscairí cainníochtaithe a úsáidfear agus na cláir á measúnú.';

(5) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 18:

'*Airteagal 18*

**Fíon**

1. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagail 103v, 103w, 103x agus 182a de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 maidir leis na hAsóir ná maidir le Maidéara.

2. D'aineoinn Airteagal 120a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, féadfar fíonchaora ó chineálacha hibrideacha fíniúna dírtháirgeacha atá toirmiscthe (Noah, Othello, Isabelle, Jacquez, Clinton agus Herbemont) arna saothrú sna hAsóir agus i Maidéara a úsáid chun fíon a tháirgeadh ach ní mór go bhfanfaidh an fíon sin sna réigiúin sin.

Déanfaidh an Phortaingéil fíonghoirt atá plandaithe le cineálacha hibrideacha fíniúna dírtháirgeacha atá toirmiscthe a dhíothú de réir a chéile agus, i gcás inarb iomchuí, beidh an tacaíocht aici dá bhforáiltear in Airteagal 103q de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007.

3. Ní bheidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 103v, in Airteagal 103w agus in Airteagal 103y de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007 maidir leis na hOileáin Chanáracha.';

(6) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19(4):

'4. D'ainneoin Airteagal 114(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1234/2007, maidir le táirgeadh bainne UTC i Maidéara agus sa roinn Fhrancach thar lear, La Réunion, ar bainne é arna athdhéanamh ó phúdar bainne de thionscnamh an Aontais, údarófar é faoi réir theorainneacha riachtanais na tomhailte áitiúla, a mhéid nach gcuirfidh an beart seo bac ar an mbainne arna tháirgeadh go háitIúil a bhailiú ná margadh a fháil dó. Is chun a thomhailte go háitIúil amháin a úsáidfear an táirge seo.

Déanfar an modh ar tríd a fuarthas an bainne UTC, arna athdhéanamh amhlaidh, a léiriú go soiléir ar an lipéadú díolacháin.'.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris OifigIúil an Aontais Eorpaigh.*

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2010.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i Strasbourg, 7 Júil 2010

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*
J. BUZEK

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
O. CHASTEL